RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/389 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Márta 2022

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le formáid, struchtúr, liostaí ábhair agus dáta foilseacháin bliantúil na faisnéise atá le nochtadh ag údaráis inniúla

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2019/2034 ceanglaítear ar údaráis inniúla faisnéis áirithe a nochtadh chun go n-oibreoidh margadh na ngnólachtaí infheistíochta inmheánacha le héifeachtacht mhéadaitheach agus chun leibhéil leormhaithe trédhearcachta a áirithiú don phobal i gcoitinne. De bhun na Treorach sin, beidh an fhaisnéis a nochtar cuimsitheach agus cruinn go leor chun gur féidir comparáid fhóinteach a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige arna nglacadh ag údaráis inniúla na mBallstát.

(2) Chun an chomparáid sin a éascú a thuilleadh, foilseofar faisnéis ón údarás inniúil i bhformáid choiteann, a thabharfar cothrom le dáta go tráthrialta agus a chuirfear ar fáil ag aon láthair leictreonach amháin. Dá bhrí sin, is gá formáid, struchtúr, liostaí ábhair agus dáta foilseacháin bliantúil na faisnéise sin a chinneadh. Cé go síneann na ceanglais mhaoirseachta maidir le nochtadh a leagtar amach i dTeideal V de Threoir (AE) 2019/2034 thar réimse na rialála stuamachta, is gá díriú i dtosach ar na freagrachtaí maoirseachta a eascraíonn as an Treoir sin agus as Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.

(4) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dlíthe, rialacháin, rialacha riaracháin agus treoraíocht ghinearálta

Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir le téacsanna dlíthe, rialachán, rialacha riaracháin agus treorach ginearálta arna nglacadh ina mBallstát i réimse na rialála stuamachta de bhun Airteagal 57(1), pointe (a) de Threoir (AE) 2019/2034, úsáidfidh siad na foirmeacha is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 314, 5.12.2019, lch. 64.

([2]) Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

Airteagal 2

Roghanna agus lánroghanna

Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir leis an gcaoi a bhfeidhmítear na roghanna agus na lánroghanna atá ar fáil de bhun Airteagal 57(1), pointe (b) de Threoir (AE) 2019/2034, úsáidfidh siad na foirmeacha is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Na critéir ghinearálta agus na modheolaíochtaí le haghaidh an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta

Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir leis na critéir ghinearálta agus na modheolaíochtaí a úsáideann siad san athbhreithniú agus meastóireacht mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 36 de Threoir (AE) 2019/2034 de bhun Airteagal 57(1), pointe (c) den Treoir sin, úsáidfidh siad na foirmeacha is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Sonraí staidrimh comhiomlánaithe

Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir le sonraí staidrimh comhiomlánaithe i ndáil le príomhghnéithe de chur chun feidhme an chreata stuamachta de bhun Airteagal 57(1), pointe (d) de Threoir (AE) 2019/2034, úsáidfidh siad na foirmeacha is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Dáta foilseacháin bliantúil

1. Foilseoidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 57(1) de Threoir (AE) 2019/2034 ag aon láthair leictreonach amháin den chéad uair faoin 30 Meitheamh 2022.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 57(1), pointe (d) de Threoir (AE) 2019/2034 a thabhairt cothrom le dáta faoin 30 Meitheamh gach bliain bunaithe ar an bhfaisnéis tuairiscithe maoirseachta amhail ar an 31 Nollaig an bhliain roimhe sin.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 57(1), pointí (a), (b) agus (c), de Threoir (AE) 2019/2034 a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, agus tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, seachas mura bhfuil aon athrú san fhaisnéis a foilsíodh.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRIBHINN I

RIALACHA AGUS TREORAÍOCHT

Liosta teimpléad

CUID 1	Trasuí Threoir (AE) 2019/2034
CUID 2	Formheas na samhla
CUID 3	Ceanglais shonracha maidir le nochtadh a chuirtear i bhfeidhm ar ghnólachtaí infheistíochta
CUID 4 –	Tuairisciú rialála

Barúlacha ginearálta ar na teimpléid in Iarscríbhinn I a líonadh isteach

Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir leis na critéir ghinearálta agus na modheolaíochtaí, ní nochtfaidh siad aon bheart maoirseachta atá dírithe ar ghnólachtaí infheistíochta sonracha, cibé acu a glacadh na bearta i ndáil le haon ghnólacht infheistíochta amháin nó i ndáil le grúpa gnólachtaí infheistíochta.

CUID 1

Trasuí Threoir (AE) 2019/2034

	Trasuí fhorálacha Threoir (AE) 2019/2034	Forálacha Threoir (AE) 2019/2034	Naisc chuig téacs náisiúnta [1]	Tagairt(í) d'fhorálacha náisiúnta [2]	Ar fáil i mBéarla (Tá/Níl)
010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sna teimpléid seo**		*(ll/mm/bbbb)*		
020	I. **Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe**	Airteagail 1 go 3			
030	II. **Údaráis inniúla**	Airteagail 4 go 8			
040	III **Caipiteal tosaigh**	Airteagail 9 go 11			
050	IV. **Maoirseacht stuamachta**				
060	CAIBIDIL 1 - Prionsabail na maoirseachta stuamachta				
070	Roinn 1 - Inniúlachtaí agus dualgais na mballstát baile agus na mballstát óstach	Airteagail 12 go 14			
080	Roinn 2 - Rúndacht ghairmiúil agus an dualgas tuairisciú a dhéanamh	Airteagail 15 go 17			
090	Roinn 3 - Smachtbhannaí, cumhachtaí imscrúdúcháin agus an ceart chun achomhairc	Airteagail 18 go 23			
100	CAIBIDIL 2 - An próiseas athbhreithnithe				
110	Roinn 1 - An próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil agus riosca inmheánach	Airteagal 24			
120	Roinn 2 - Rialachas inmheánach, trédhearcacht, láimhseáil rioscaí agus luach saothair	Airteagail 25 go 35			
130	Roinn 3 - An próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta	Airteagail 36 go 37			
140	Roinn 4 - Bearta agus cumhachtaí maoirseachta	Airteagail 38 go 45			
150	CAIBIDIL 3 - Maoirseacht ar ghrúpaí gnólachtaí infheistíochta				
160	Roinn 1 - Maoirseacht ar ghrúpaí gnólachtaí infheistíochta ar bhonn comhdhlúite agus maoirseacht ar chomhlíonadh na tástála caipitil grúpa	Airteagail 46 go 50			
170	Roinn 2 - Cuideachtaí sealbhaíochta infheistíochta, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus cuideachtaí sealbhaíochta gníomhaíochtaí measctha	Airteagail 51 go 56			
180	**TEIDEAL V - FOILSIÚ AG NA hÚDARÁIS INNIÚLA**	Airteagal 57			
190	**TEIDEAL VI - GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE**	Airteagal 58			
200	**TEIDEAL VII - LEASUITHE AR THREORACHA EILE**	Airteagail 59 go 64			
210	**TEIDEAL VIII - FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**	Airteagail 65 go 69			

[1] Hipearnasc/hipearnaisc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfuil an téacs náisiúnta lena dtrasuitear an fhoráil de dhlí an Aontais atá i gceist.

[2] Tagairtí mionsonraithe don fhoráil den dlí náisiúnta, amhail Teideal, Caibidil, alt ábhartha etc.

CUID 2

Formheas na samhla [1]

010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo**	*(ll/mm/bbbb)*
		Tuairisc ar an gcur chuige
020	**Cur chuige maoirseachta maidir le húsáid chur chuige na samhla inmheánaí (IMA) malartaí a fhormheas chun íoscheanglais chaipitil le haghaidh riosca margaidh a ríomh**	
030	Doiciméadacht íosta atá le soláthar ag an ngnólacht infheistíochta a dhéanfaidh iarratas ar IMA malartach a úsáid	*[téacs saor]*
040	Tuairisc ar an bpróiseas measúnaithe arna dhéanamh ag an údarás inniúil (úsáid féinmheasúnaithe, spleáchas ar iniúchóirí seachtracha agus ar chigireachtaí ar an láthair) agus ar phríomhchritéir an mheasúnaithe	*[téacs saor]*
050	Foirm na gcinntí arna ndéanamh ag an údarás inniúil agus cur in iúl na gcinntí do na hiarratasóirí	*[téacs saor]*

CUID 3

Ceanglais shonracha maidir le nochtadh a chuirtear i bhfeidhm ar ghnólachtaí infheistíochta

	Treoir (AE) 2019/2034	**Soláthar**	**Faisnéis atá le soláthar ag an údarás inniúil**	
010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo**			*(ll/mm/bbbb)*
020	**Airteagal 44(a)**	Tá sé de chumhacht ag údaráis inniúla a cheangal ar na gnólachtaí infheistíochta sin nach gcomhlíonann na coinníollacha chun cáiliú mar ghnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus mar ghnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 46(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, a cheangal orthu an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 46 den Rialachán sin a fhoilsiú níos minice ná uair in aghaidh na bliana agus sprioc-amanna a shocrú le haghaidh an fhoilsithe sin;	Minicíocht agus sprioc-amanna maidir le foilsiú is infheidhme maidir le gnólachtaí infheistíochta	*[téacs saor]*
030	**Airteagal 44(b)**	Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar na gnólachtaí infheistíochta sin nach gcomhlíonann na coinníollacha chun cáiliú mar ghnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus mar ghnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 46(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, a cheangal orthu meáin shonracha agus áiteanna sonracha, go háirithe suíomhanna gréasáin na ngnólachtaí infheistíochta, a úsáid le haghaidh foilseachán seachas na ráitis airgeadais;	Cineálacha meán sonrach atá le húsáid ag gnólachtaí infheistíochta	*[téacs saor]*

[1] Infheidhme ón 26 Meitheamh 2026 nó, i gcás institiúidí creidmheasa, ó dháta chur i bhfeidhm na gceanglas mar a luaitear in Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.

040	**Airteagal 44(c)**	Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar na máthairghnóthais tuairisc ar a struchtúr dlíthiúil agus rialachais agus ar struchtúir eagrúcháin an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a fhoilsiú go bliantúil, bíodh sé ina hiomláine nó le tagairtí d'fhaisnéis choibhéiseach, i gcomhréir le hAirteagal 26(1) den Treoir seo agus le hAirteagal 10 de Threoir 2014/65/AE.	Struchtúr dlíthiúil agus struchtúr rialachais agus eagrúcháin an mháthairghrúpa gnólachtaí infheistíochta	*[téacs saor]*

CUID 4

Tuairisciú rialála

010	**Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo**	(ll/mm/bbbb)
020	**Cur chun feidhme an tuairiscithe ar fhaisnéis airgeadais i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme XXX/2021 ón gCoimisiún**	
030	An úsáidtear caighdeáin XBRL le haghaidh chur isteach an tuairiscithe chuig an údarás inniúil?	*[Úsáidtear/Ní úsáidtear]*

IARSCRÍBHINN II

ROGHANNA AGUS LÁNROGHANNA

Liosta teimpléad

CUID 1	Roghanna agus lánroghanna a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/2034, in Rialachán (AE) 2019/2033
CUID 2	An líon gnólachtaí infheistíochta a úsáideann forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/2034 agus in Rialachán (AE) 2019/2033
CUID 3	Eilimintí inathraithe den luach saothair (Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034)

Barúlacha ginearálta ar na teimpléid in Iarscríbhinn II a líonadh isteach

Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir leis na critéir ghinearálta agus na modheolaíochtaí, ní nochtfaidh siad aon bheart maoirseachta atá dírithe ar ghnólachtaí infheistíochta sonracha, cibé acu a glacadh na bearta i ndáil le haon ghnólacht infheistíochta amháin nó i ndáil le grúpa gnólachtaí infheistíochta.

CUID 1

Roghanna agus lánroghanna a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/2034, in Rialachán (AE) 2019/2033

	Treoir (AE) 2019/2034	Rialachán (AE) 2019/2033	Seolaí	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an lánrogha	Feidhmithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) (1)	Téacs náisiúnta (2)	Tagairt(í) (3)	Ar fáil i mBéarla (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo							*(ll/mm/bbbb)*		
020	5(1)		Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm cheanglais CRD	Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm maidir le gnólacht infheistíochta a dhéanann gníomhaíochtaí a shonraítear i bpointí 3 agus 6 i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE i gcás inarb é EUR 5 000 000 000 luach iomlán shócmhainní comhdhlúite an ghnólachta infheistíochta nó i gcás inar mó luach iomlán shócmhainní comhdhlúite an ghnólachta infheistíochta ná EUR 5 000 000 000, i gcás ina bhfuil feidhm ag coinníollacha Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2019/2034.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
030	24(2)		Údarás inniúil	Caipiteal inmheánach agus sócmhainní leachtacha	Féadfaidh na húdaráis inniúla a iarraidh ar ghnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha ceanglais a chur i bhfeidhm maidir le caipiteal inmheánach agus sócmhainní leachtacha dá bhforáiltear in Airteagal 24 de Threoir (AE) 2019/2034.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
040	36(2)		Údarás inniúil	Athbhreithniú agus meastóireacht mhaoirseachta	Cinnfidh na húdaráis inniúla, ar bhonn cás ar chás, cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht, agus i gcás ina ndéanfar sin cén leagan amach a bheidh orthu, i dtaca le gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
050	40(7)		Údarás inniúil	Ceanglas cistí dílse breise	Féadfaidh na húdaráis inniúla, ar bhonn cás ar chás, ceanglais cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 40 de Threoir (AE) 2019/2034 a fhorchur ar ghnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
060	41(1)		Údarás inniúil	Ceanglas cistí dílse breise	Féadfaidh na húdaráis inniúla a iarraidh ar ghnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, leibhéal cistí dílse a bheith acu a chumhdódh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag luaineacht eacnamaíochta thimthriallach.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
070	42(1)		Údarás inniúil	Ceanglais leachtachta	Forchuirfidh na húdaráis inniúla ceanglais leachtachta shonracha dá dtagraítear i bpointe (k) d'Airteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034 i gcás gnólachtaí infheistíochta lena bhfuil feidhm ag ceanglais leachtacha dá dtagraítear in Airteagal 42(1) de Threoir (AE) 2019/2034.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
080	46(6)		Údarás inniúil	Díolúine ó chritéir maoirseora grúpa	Féadfaidh na húdaráis inniúla maoirseoir a ainmniú ar bhonn comhdhlúite seachas an ceann siúd dá dtagraítear in Airteagal 46(6) de Threoir (AE) 2019/2034.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
090		1(2)(c)	Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm cheanglais an Rialacháin maidir le Ceanglais Chaipitil (Rialachán (AE) Uimh. 575/2013)	Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm maidir le gnólachtaí infheistíochta a dhéanann gníomhaíochtaí a shonraítear i bpointí 3 agus 6 i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE agus i gcás inarb é EUR 15 000 000 000 luach shócmhainní comhdhlúite iomlána an ghnólachta infheistíochta nó an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta nó i gcás inar mó luach shócmhainní comhdhlúite iomlána an ghnólachta infheistíochta nó an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta ná EUR 15 000 000 000, i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

100		1(5)	Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm maidir le gnólacht infheistíochta a dhéanann gníomhaíochtaí a shonraítear i bpointí 3 agus 6 i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE agus i gcás inar fochuideachta d'institiúid creidmheasa nó de chuideachta sealbhaíochta airgeadais nó de chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha é an gnólacht infheistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 1(5) de Rialachán (AE) 2019/2033.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
110		6(1)	Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm na gceanglas ar bhonn aonair	Féadfaidh na húdaráis inniúla gnólacht infheistíochta a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2033 maidir le cuid 2, 3, 4, 6 agus 7, i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 6(1).	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
120		6(2)	Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm na gceanglas ar bhonn aonair	Féadfaidh na húdaráis inniúla gnólacht infheistíochta a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2033 maidir le cuid 6, i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 6(2).	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
130		6(3)	Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm na gceanglas ar bhonn aonair	Féadfaidh na húdaráis inniúla gnólacht infheistíochta a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2033 maidir le cuid 5, i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 6(3).	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
140		7(4)	Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm na gceanglas ar bhonn comhdhlúite	Féadfaidh na húdaráis inniúla an máthairghnóthas a dhíolmhú ó cheanglais maidir leis an oibleagáid a leagtar síos i gcuid 5 a chomhlíonadh ar bhonn a gcáis chomhdhlúite.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
150		8(1)	Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm na gceanglas ar bhonn comhdhlúite	Féadfaidh na húdaráis inniúla cur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/2033 a cheadú i gcás struchtúir ghrúpa atá simplí go leor, nach bhfuil rioscaí suntasacha ann do chliaint nó don mhargadh ón ngrúpa gnólachtaí infheistíochta ina iomláine a mbeadh maoirseacht ag teastáil uaidh ar bhonn comhdhlúite murach sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
160		8(4)	Údarás inniúil	Cur i bhfeidhm na gceanglas ar bhonn comhdhlúite	Féadfaidh na húdaráis inniúla ligean don mháthairghnóthas méid cistí dílse is ísle ná an méid arna ríomh de réir Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/2033 a bheith ina sheilbh, ar choinníoll nach ísle an méid sin ná suim na gceanglas cistí dílse a fhorchuirtear, ar bhonn aonair, ar a ghnólachtaí fochuideachta infheistíochta, institiúidí fochuideachta airgeadais, gnóthais fochuideachta seirbhísí coimhdeacha agus gníomhairí fochuideachta faoi cheangal, agus méid iomlán aon dliteanais theagmhasaigh i bhfabhar na n-eintiteas sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
170		9(4)	Údarás inniúil	Cistí dílse	Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheadú do ghnólachtaí infheistíochta, ar gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad nó nach daoine dlítheanacha ná cuideachtaí comhstoic iad, ionstraimí nó cistí breise atá coibhéiseach le hionstraimí cistí dílse a úsáid	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
180		10(2)	Údarás inniúil	Sealúchais cháilitheacha cistí dílse	Féadfaidh na húdaráis inniúla toirmeasc a chur ar ghnólacht infheistíochta sealúchais cháilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a bheith aige, i gcás inar mó méid na sealúchas sin ná na céatadáin cistí dílse a leagtar síos sa mhír sin.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
190		11(3)	Údarás inniúil	Cistí dílse	Féadfaidh na húdaráis inniúla ceangal a chur ar ghnólacht infheistíochta a bheith faoi réir ceanglais cistí dílse atá éagsúil ó na cinn siúd dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

200		13(2)	Údarás inniúil	Cistí dílse. Ceanglas maidir le forchostais sheasta	Féadfaidh na húdaráis inniúla méid an cheanglais maidir le forchostais sheasta dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a choigeartú i gcás ina measfaidh siad go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar ghníomhaíochtaí an ghnólachta infheistíochta.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
210		15(4)	Údarás inniúil	Cistí dílse	Féadfaidh na húdaráis inniúla méid comhfhreagrach K-fhachtóra ábhartha a choigeartú i gcás ina measfaidh siad go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar ghníomhaíochtaí gnó an ghnólachta infheistíochta.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
220		17(2)	Údarás inniúil	K-fhachtóirí. K-AUM (sócmhainní faoi bhainistiú)	Féadfaidh an t-údarás inniúil cinntí rialála atá bunaithe ar réamh-mheastacháin ghnó an ghnólachta infheistíochta arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2014/65/AE a chur in ionad na bpointí sonraí stairiúla atá ar iarraidh.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
230		18(2)	Údarás inniúil	K-fhachtóirí. K-CMH (airgead cliant atá ar seilbh)	Féadfaidh an t-údarás inniúil cinntí rialála atá bunaithe ar réamh-mheastacháin ghnó an ghnólachta infheistíochta arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2014/65/AE a chur in ionad na bpointí sonraí stairiúla atá ar iarraidh.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
240		19(3)	Údarás inniúil	K-fhachtóirí. K-ASA (sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar)	Féadfaidh an t-údarás inniúil cinntí rialála atá bunaithe ar réamh-mheastacháin ghnó an ghnólachta infheistíochta arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2014/65/AE a chur in ionad na bpointí sonraí stairiúla atá ar iarraidh.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
250		20(3)	Údarás inniúil	K-fhachtóirí. K-COH (orduithe cliaint arna láimhseáil)	Féadfaidh an t-údarás inniúil cinntí rialála atá bunaithe ar réamh-mheastacháin ghnó an ghnólachta infheistíochta arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2014/65/AE a chur in ionad na bpointí sonraí stairiúla atá ar iarraidh.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
260		30(1)	Údarás inniúil	K-fhachtóirí. K-TCD	Féadfaidh na húdaráis inniúla an coigeartú luaineachta a athrú i gcomhair cineálacha áirithe tráchtearraí dá bhfuil leibhéil éagsúla luaineachta sna praghsanna.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
270		33(4)	Údarás inniúil	K-fhachtóirí. K-DTF (sreabhadh trádála laethúil)	Féadfaidh an t-údarás inniúil cinntí rialála atá bunaithe ar réamh-mheastacháin ghnó an ghnólachta infheistíochta arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2014/65/AE a chur in ionad na bpointí sonraí stairiúla atá ar iarraidh.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
280		38(2)	Údarás inniúil	Riosca comhchruinnithe	Féadfaidh na húdaráis inniúla tréimhse theoranta a dheonú don ghnólacht infheistíochta chun cloí leis an teorainn i dtaca le riosca comhchruinnithe agus barrachas luach na neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2019/2033.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
290		41(2)	Údarás inniúil	Riosca comhchruinnithe	Féadfaidh na húdaráis inniúla neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 a dhíolmhú ina n-iomláine nó i bpáirt ó chur i bhfeidhm Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2019/2033.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		
300		43(1)	Údarás inniúil	Ceanglais maidir le leachtacht	Féadfaidh na húdaráis inniúla gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le leachtacht a leagtar amach in Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'		

(1) Le 'Tá', léirítear go bhfuil rogha nó lánrogha ábhartha feidhmithe ag an údarás inniúil nó ag an mBallstát a bhfuil sé de chumhacht aige í a fheidhmiú.
Le 'Níl', léirítear nach bhfuil rogha nó lánrogha ábhartha feidhmithe ag an údarás inniúil nó ag an mBallstát a bhfuil sé de chumhacht aige í a fheidhmiú.
Le (Ní bhaineann le hábhar), léirítear nach féidir an rogha a fheidhmiú nó nach ann don lánrogha.

(2) Téacs na forála sa reachtaíocht náisiúnta.

(3) Tagairt don reachtaíocht náisiúnta agus hipearnasc/hipearnaisc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfuil an téacs náisiúnta lena dtrasuitear foráil an Aontais atá i gceist.

CUID 2

An líon gnólachtaí infheistíochta a úsáideann forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/2034 agus in Rialachán (AE) 2019/2033

	Treoir (AE) 2019/2034	Rialachán (AE) 2019/2033	Seolaí	Raon feidhme	Ainmníocht	Tuairisc ar an rogha nó ar an lánrogha	Bliain	Feidhmithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar) [1]	An líon gnólachtaí infheistíochta atá ag cur na forála idirthréimhsí i bhfeidhm
	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo						(ll/mm/bbbb)		
010		Airteagal 57(3)	Gnólachtaí infheistíochta	Cistí dílse	Cur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse níos ísle	Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 57(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 ceanglais cistí dílse níos ísle a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse 5 bliana ón 26 Meitheamh 2021.	[Bliain]	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	
020		Airteagal 57(4)	Gnólachtaí infheistíochta	Cistí dílse	Cur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse níos ísle	Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 57(4) de Rialachán (AE) 2019/2033 ceanglais cistí dílse níos ísle a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse 5 bliana ón 26 Meitheamh 2021.	[Bliain]	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	
030		Airteagal 57(6)	Gnólachtaí infheistíochta ag déileáil ar a gcuntais féin	Cistí dílse	Cur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse níos ísle	Gnólachtaí infheistíochta a dhéileálann ar a gcuntas féin agus dá dtagraítear in Airteagal 57(6) de Rialachán (AE) 2019/2033, féadfaidh siad na ceanglais cistí dílse atá orthu a theorannú ar feadh tréimhse 5 bliana ón 26 Meitheamh 2021 chuig EUR 250 000 ar a laghad, faoi réir méadú bliantúil de EUR 100 000 ar a laghad i rith tréimhse 5 bliana.	[Bliain]	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	

([1]) Le 'Tá', léirítear go bhfuil rogha nó lánrogha ábhartha feidhmithe ag an údarás inniúil nó ag an mBallstát a bhfuil sé de chumhacht aige í a fheidhmiú.
Le 'Níl', léirítear nach bhfuil rogha nó lánrogha ábhartha feidhmithe ag an údarás inniúil nó ag an mBallstát a bhfuil sé de chumhacht aige í a fheidhmiú.
Le 'Ní bhaineann le hábhar', léirítear nach féidir an rogha a fheidhmiú nó nach ann don lánrogha.

CUID 3

Eilimintí inathraithe den luach saothair (Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034)

	Treoir (AE) 2019/2034	Seolaí	Forálacha	Faisnéis le nochtadh	Feidhmithe (Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar)	Tagairtí	Ar fáil i mBéarla (Tá/Níl)	Mionsonraí / Tuairimí
010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo			(ll/mm/bbbb)				
020	Airteagal 30(2)	Na Ballstáit	Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar an gcaoi a n-áiritheoidh siad go socróidh na gnólachtaí infheistíochta na cóimheasa iomchuí idir an chomhpháirt inathraithe agus an chomhpháirt sheasta den luach saothair iomlán.	[Téacs/luach saor]	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	
030	Airteagal 32(3)	Na Ballstáit nó na hÚdaráis Inniúla	Tuairisc ar aon srian ar chineál agus ar cheapadh na n-ionstraimí nó ar thoirmisc na n-ionstraimí is féidir a úsáid chun críoch luacha saothair inathraithe a dhámhachtain.	[Téacs saor/luach]	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	

040	Airteagal 32(5)	Na Ballstáit	Tairseacha seachas na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 32(4) ar mhéadaigh an t-údarás inniúil iad le haghaidh gnólachtaí infheistíochta áirithe.	[Luach in EUR]	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	
050	Airteagal 32(6)	Na Ballstáit	Tairseacha seachas na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 32(4) ar laghdaigh an t-údarás inniúil iad le haghaidh gnólachtaí infheistíochta áirithe.	[Luach in EUR]	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	
060	Airteagal 32(7)	Na Ballstáit	Tuairisc ar shonraíochtaí an mhargaidh nó ar chineál na bhfreagrachtaí agus próifíl poist na mball foirne atá i dteideal luach saothair inathraitheach bliantúil nach mó a luach saothair inathraithe bliantúil ná EUR 50 000 agus nach mó é ná aon cheathrú amháin de luach saothair bliantúil iomlán an duine aonair sin, ach nach bhfuil an duine aonair faoi réir na díolúine a leagtar amach in Airteagal 32(4).	[Téacs/luach saor]	[Tá/Níl/Ní bhaineann le hábhar]	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	Éigeantach má chuirtear isteach 'Tá'	

1) Le 'Tá', léirítear go bhfuil rogha nó lánrogha ábhartha feidhmithe ag an údarás inniúil nó ag an mBallstát a bhfuil sé de chumhacht aige í a fheidhmiú.

Le 'Níl', léirítear nach bhfuil rogha nó lánrogha ábhartha feidhmithe ag an údarás inniúil nó ag an mBallstát a bhfuil sé de chumhacht aige í a fheidhmiú.

Le 'Ní bhaineann le hábhar', léirítear nach féidir an rogha a fheidhmiú nó nach ann don lánrogha.

(2) Tagairt don reachtaíocht náisiúnta agus hipearnasc/hipearnaisc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfuil an téacs náisiúnta lena dtrasuitear foráil an Aontais atá i gceist.

IARSCRÍBHINN III

AN PRÓISEAS ATHBHREITHNITHE AGUS MEASTÓIREACHTA MAOIRSEACHTA (SREP)

Liosta teimpléad

Barúlacha ginearálta ar na teimpléid in Iarscríbhinn III a líonadh isteach

Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir leis na critéir ghinearálta agus na modheolaíochtaí, ní nochtfaidh siad aon bheart maoirseachta atá dírithe ar ghnólachtaí infheistíochta sonracha, cibé acu a glacadh na bearta i ndáil le haon ghnólacht infheistíochta amháin nó i ndáil le grúpa gnólachtaí infheistíochta.

AN PRÓISEAS ATHBHREITHNITHE AGUS MEASTÓIREACHTA MAOIRSEACHTA (SREP) [1]

010	Dáta an nuashonraithe is déanaí ar fhaisnéis sa teimpléad seo		*(ll/mm/bbbb)*
020	**Raon feidhme chur i bhfeidhm SREP** (Airteagal 36 de IFD)	Tuairisc ar chur chuige an údaráis inniúil maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm SREP lena n-áirítear: — cé na cineálacha gnólachtaí infheistíochta atá cumhdaithe faoi SREP nó atá eisiata ó SREP. — forbhreathnú ardleibhéil ar conas a chuireann an t-údarás inniúil prionsabal na comhréireachta san áireamh agus raon feidhme SREP agus minicíocht an mheasúnaithe ar eilimintí éagsúla de SREP á meas aige [1].	*[téacs saor nó tagairt nó hipearnasc chuig treoir den sórt sin]*
030	**Measúnú ar eilimintí SREP** (Airteagail 36 de IFD)	Tuairisc ar chur chuige an údaráis inniúil maidir le measúnú ar eilimintí aonair SREP lena n-áirítear: — forbhreathnú ardleibhéil ar phróiseas an mheasúnaithe agus ar mhodheolaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an measúnú ar eilimintí SREP, lena n-áirítear: (i) anailís ar shamhail ghnó; (ii) measúnú ar rialachas inmheánach agus ar rialuithe infheistíochta an ghnólachta; (iii) measúnú ar rioscaí do chaipiteal; agus (iv) measúnú ar rioscaí do leachtacht; — forbhreathnú ardleibhéil ar conas a chuireann an t-údarás inniúil prionsabal na comhréireachta san áireamh agus eilimintí aonair SREP á measúnú aige [2].	*[téacs saor nó tagairt nó hipearnasc chuig treoir den sórt sin]*
040	**Athbhreithniú agus meastóireacht ar ICAAP agus ar ILAAP** (Airteagail 24 agus 36 de IFD)	Tuairisc ar chur chuige an údarás inniúil maidir leis an athbhreithniú agus an meastóireacht ar an gceanglas cistí dílse breise agus ar an gceanglas leachtachta sonrach mar chuid de SREP, agus, go háirithe, chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na gcistí dílse breise agus na ríomhanna leachtachta chun críocha cistí dílse breise agus ceanglais leachtachta a chinneadh lena n-áirítear [3]: — forbhreathnú ar an modheolaíocht a chuir an t-údarás inniúil i bhfeidhm maidir leis an athbhreithniú ar phróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil (ICAAP) agus ar phróiseas measúnaithe inmheánach ar leordhóthanacht leachtachta (ILAAP) na ngnólachtaí infheistíochta;	*[téacs saor nó tagairt nó hipearnasc chuig treoir den sórt sin]*

[1] Is i bhfoirm nóta míniúcháin de réir an dara colún a nochtfaidh na húdaráis inniúla na critéir agus na modheolaíochtaí a úsáidtear i ró 020 go ró 040 agus i ró 050 le haghaidh an mheasúnaithe fhoriomláin.

		— faisnéis/tagairt do cheanglais an údaráis inniúil maidir le faisnéis a bhaineann le ICAAP agus ILAAP a chur isteach, go háirithe lena gcumhdaítear an fhaisnéis is gá a chur isteach; — faisnéis maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil gá le hathbhreithniú neamhspleách ar ICAAP agus ar ILAAP ó na gnólachtaí infheistíochta.	
050	**Measúnú foriomlán ar SREP agus bearta maoirseachta** (Airteagail 38 agus 39 de IFD)	Tuairisc ar chur chuige an údaráis inniúil maidir leis an measúnú foriomlán ar SREP (achoimre) agus cur i bhfeidhm na mbeart maoirseachta ar bhonn an mheasúnaithe fhoriomláin ar SREP ([4]). Tuairisc ar conas atá torthaí SREP nasctha le cur i bhfeidhm beart luath-idirghabhála de réir Airteagal 27 de Threoir 2014/59/AE agus coinníollacha a chinneadh maidir le cibé acu is féidir nó nach féidir a mheas go bhfuil ag cliseadh ar an ngnólacht infheistíochta nó gur dócha go gclisfidh air de réir Airteagal 32 den Treoir sin ([5]).	*[téacs saor nó tagairt nó hipearnasc chuig treoir den sórt sin]*

([1]) Déanfar raon feidhme SREP a mheas ar leibhéal gnólachta infheistíochta agus i leith a acmhainní dílse araon. Míneoidh údarás inniúil an cur chuige a úsáidfear chun gnólacht infheistíochta a aicmiú i gcatagóirí éagsúla chun críocha SREP, lena dtugtar tuairisc ar úsáid critéar cainníochtúil agus cáilíochtúil, agus ar an gcaoi a ndéantar difear do chobhsaíocht airgeadais nó do chuspóirí maoirseachta foriomlána eile le haicmiú den sórt sin. Míneoidh údarás inniúil freisin cén chaoi a gcuirtear aicmiú i bhfeidhm chun a áirithiú rannpháirtíocht íosta ar a laghad i measúnuithe SREP, lena n-áirítear an tuairisc ar na minicíochtaí maidir leis an measúnú ar eilimintí uile SREP le haghaidh catagóirí éagsúla gnólachtaí infheistíochta.

([2]) Lena n-áirítear uirlisí oibre e.g. cigireachtaí ar an láthair agus scrúduithe lasmuigh den láthair, critéir cháilíochtúla nó chainníochtúla, na sonraí staidrimh a úsáidtear sna measúnuithe. Hipearnaisc chuig aon treoir ar an suíomh gréasáin atá le cur isteach.

([3]) Míneoidh na húdaráis inniúla freisin conas a chumhdaítear an measúnú ar phróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil (ICAAP) agus ar phróiseas measúnaithe inmheánach ar leordhóthanacht leachtachta (ILAAP) leis na samhlacha rannpháirtíochta íosta a chuirtear i bhfeidhm chun críoch comhréireachta bunaithe ar chatagóirí SREP mar aon le conas a chuirtear comhréireacht i bhfeidhm chun ionchais mhaoirseachta i leith ICAAP agus ILAAP a shonrú, agus go háirithe, aon treoirlíne nó aon íoscheanglas le haghaidh ICAAP agus ILAAP a d'eisigh na húdaráis inniúla.

([4]) An cur chuige a chuireann na húdaráis inniúla i bhfeidhm chun teacht ar an measúnú foriomlán ar SREP agus a theachtaireacht chuig na gnólachtaí infheistíochta. Tá an measúnú foriomlán ó na húdaráis inniúla bunaithe ar athbhreithniú ar na heilimintí uile dá dtagraítear i ró 020 go ró 040, mar aon le haon fhaisnéis ábhartha eile faoin ngnólacht infheistíochta a fhéadfaidh an t-údarás inniúil a fháil.

([5]) Féadfaidh na húdaráis inniúla na beartais lena dtreoraítear a gcinntí maidir le bearta maoirseachta a dhéanamh (de réir bhrí Airteagal 18 de IFD) agus bearta luath-idirghabhála a dhéanamh (de réir bhrí Airteagal 27 den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (BRRD)) a nochtadh freisin aon uair a shainaithneofar laigí nó easnaimh ina measúnú ar ghnólacht infheistíochta ina mbeidh gá le hidirghabháil mhaoirseachta. D'fhéadfadh a bheith san áireamh sna nochtaí sin foilsiú treoirlínte inmheánacha nó doiciméad eile lena dtugtar tuairisc ar chleachtais ghinearálta mhaoirseachta. Ní gá aon nochtadh, áfach, maidir le cinntí ar ghnólachtaí infheistíochta aonair, chun prionsabal na rúndachta a urramú.

Ina theannta sin, féadfaidh údaráis inniúla faisnéis a sholáthar maidir leis na himpleachtaí sa chás go sáródh gnólacht infheistíochta forálacha dlíthiúla ábhartha nó nach gcomhlíonfadh sé na bearta maoirseachta nó luath-idirghabhála a fhorchuirtear bunaithe ar thorthaí SREP, e.g. liostóidh sé nósanna imeachta forfheidhmiúcháin a bheidh i bhfeidhm (i gcás inarb infheidhme).

IARSCRÍBHINN IV

SONRAÍ STAIDRIMH COMHIOMLÁNA

Liosta teimpléad

CUID 1	Sonraí aonair in aghaidh an údaráis inniúil
CUID 2	Sonraí maidir le riosca margaidh
CUID 3	Sonraí maidir le bearta maoirseachta agus pionóis riaracháin
CUID 4	Sonraí maidir le díolúintí

Barúlacha ginearálta ar na teimpléid in Iarscríbhinn IV a líonadh isteach

1) Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir leis na critéir ghinearálta agus na modheolaíochtaí, ní nochtfaidh siad aon bheart maoirseachta atá dírithe ar ghnólachtaí infheistíochta sonracha, cibé acu a glacadh na bearta i ndáil le haon ghnólacht infheistíochta amháin nó i ndáil le grúpa gnólachtaí infheistíochta.

2) Ní bheidh ach uimhreacha i gcealla uimhriúla. Ní bheidh aon tagairt d'airgeadraí náisiúnta. Is é an euro an t-airgeadra a úsáidtear; agus comhshófaidh Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro a n-airgeadra náisiúnta in euro trí na rátaí malairte BCE a úsáid (ar an dáta tagartha coiteann, i.e. an lá deireanach den bhliain atá faoi athbhreithniú), le hionad deachúil amháin agus méideanna sna milliúin á nochtadh acu.

3) Is i milliúin euro a bheidh aonad an nochta le haghaidh na méideanna airgeadaíochta tuairiscithe (dá ngairtear EUR milliún anseo feasta).

4) Nochtfar céatadáin le dhá dheachúil leo.

5) Mura bhfuil sonraí á nochtadh, soláthrófar an chúis nach bhfuil siad á nochtadh trí úsáid a bhaint as ainmníocht ÚBE, i.e. N/A (gan a bheith ar fáil) nó R (faoi rún).

6) Nochtfar na sonraí ar bhonn comhiomlánaithe gan gnólachtaí infheistíochta aonair a shainaithint.

7) Déanfar sonraí a thiomsú do ghnólachtaí infheistíochta faoi réir Threoir (AE) 2019/2034 agus dóibh sin amháin. Gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil faoi réir chóras Threoir (AE) 2019/2034, déantar iad a eisiamh ón gcleachtadh maidir le bailiú sonraí.

CUID 1

Sonraí aonair in aghaidh an Údaráis Inniúil (bliain 20XX)

			Tagairt don teimpléad tuairiscithe	Sonraí	
	Líon agus méid na ngnólachtaí infheistíochta				
010	An líon gnólachtaí infheistíochta			[Luach]	
020	Sócmhainní iomlána na ngnólachtaí infheistíochta uile sa Bhallstát (i MEUR) ([1])			[Luach]	
	Líon agus méid na ngnólachtaí infheistíochta tríú tír ([2])				
030	Ó thríú tíortha	An líon brainsí ([3])		[Luach]	
040		An líon fochuideachtaí ([4])		[Luach]	
	Comhdhéanamh na gcistí dílse i ndáil le ceanglais cistí dílse			**Sonraí, i milliúin euro**	**Sonraí, mar chéatadán d'iomlán na gceanglas cistí dílse** ([6])**%**
050	Iomlán Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ([5])		I 01.00 ró 0030	[Luach]	[Luach]
060	Iomlán Leibhéal 1 breise ([5])		I 01.00 ró 0300	[Luach]	[Luach]
070	Iomlán Chaipiteal Leibhéal 2 ([5])		I 01.00 ró 0420	[Luach]	[Luach]
080	Iomlán na gcistí dílse ([6])		I 01.00 ró 0010	[Luach]	[Luach]
	Iomlán na gceanglas cistí dílse de réir cineáil			**Sonraí, i milliúin euro**	**Sonraí, mar chéatadán d'iomlán na gceanglas cistí dílse** ([6])**%**
090	Sonraí maidir le ceanglais cistí dílse	Ceanglas maidir le forchostais sheasta ([7])	I 02.00 ró 0030	[Luach]	[Luach]
100		Ceanglas maidir le híosmhéid buan caipitil ([8])	I 02.00 ró 0020	[Luach]	[Luach]
110		Ceanglas de réir K-fhachtóirí ([9])	I 02.00 ró 0040	[Luach]	[Luach]
120		ar Riosca don Chliant (RtC) é ([10])	I 04.00 ró 0020	[Luach]	[Luach]
130		ar Riosca don Mhargadh (RtM) é ([11])	I 04.00 ró 0090	[Luach]	[Luach]
140		ar Riosca don Ghnólacht (RtF) é ([12])	I 04.00 ró 0120	[Luach]	[Luach]

(1) Is éard a bheidh i méid iomlán na sócmhainní suim luachanna sócmhainní na ngnólachtaí infheistíochta uile sa Bhallstát, arna ríomh bunaithe ar na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, seachas aon sócmhainn faoi bhainistíocht.
(2) Ní bheidh tíortha LEE san áireamh.
(3) An líon brainsí mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/2034. Aon líon áiteanna gnó atá bunaithe sa tír chéanna ag gnólacht infheistíochta a bhfuil a cheanncheathrú aige i dtríú tír, ba cheart iad a áireamh mar aon bhrainse amháin.
(4) An líon fochuideachtaí mar a shainmhínítear i bpointe (29) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/2034. Measfar gur fochuideachta den mháthairghnóthas é aon fhochuideachta de ghnóthas fochuideachta, atá i gceannas ar na gnóthais sin.
(5) Caipiteal mar a shainmhínítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
(6) Iomlán na gceanglas cistí dílse mar a shainmhínítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033.
(7) Ceanglas maidir le forchostais sheasta mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
(8) Ceanglas maidir le híosmhéid buan caipitil mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
(9) Ceanglas de réir K-fhachtóirí mar a shainmhínítear i bpointe (c) d'Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
(10) Ceanglais cistí dílse a bhaineann le Riosca don Chliant mar a shainmhínítear in Airteagal 15(1)(a) de Rialachán (AE) 2019/2033. Luaigh cóimheas caipitil iomlán sa cholún 'Sonraí, mar chéatadán d'iomlán na gceanglas cistí dílse %'.
(11) Ceanglais cistí dílse a bhaineann le Riosca don Mhargadh mar a shainmhínítear in Airteagal 15(1)(b) de Rialachán (AE) 2019/2033.
(12) Ceanglais cistí dílse a bhaineann le Riosca don Ghnólacht mar a shainmhínítear in Airteagal 15(1)(c) de Rialachán (AE) 2019/2033.

CUID 2

Sonraí maidir le riosca margaidh (1) (bliain 20XX)

	Sonraí maidir le riosca don mhargadh		Cur chuige	Tagairt don teimpléad tuairiscithe	Sonraí	
010	**Ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca don mhargadh**					
020	**Miondealú de réir cur chuige**	An líon gnólachtaí infheistíochta a úsáideann gach cur chuige i ndáil leis an líon iomlán gnólachtaí infheistíochta (1)	Cur chuige maidir leis an K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh'	IF 04.00 ró 0100	[Luach]	
030			ar cur chuige caighdeánaithe é		[Luach]	
040			ar cur chuige caighdeánaithe malartach é		[Luach]	
050			ar cur chuige na samhla inmheánaí malartaí é		[Luach]	
060			a bhfuil gach cur chuige maidir leis an K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh' á n-úsáid ann (2)		[Luach]	
070			Cur chuige maidir leis an K-fhachtóir 'corrlach imréitigh ar leith'	I 04.00 ró 0110	[Luach]	
080			Idir K-fhachtóir 'corrlach imréitigh ar leith' agus K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh'		[Luach]	

(1) Áireofar sa teimpléad seo faisnéis maidir leis na gnólachtaí infheistíochta uile agus ní hamháin maidir leis na cinn siúd a bhfuil suíomhanna acu a bhaineann leis an K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh'.

090					**Sonraí i milliúin euro**	**Sonraí mar chéatadán d'iomlán na gceanglas cistí dílse** ([3])**%**
100		Iomlán na gceanglas cistí dílse faoi gach cur chuige ([1])	Cur chuige maidir leis an K-fachtóir 'riosca an ghlansuímh'	IF 04.00 ró 0100	[Luach]	[Luach]
110			ar cur chuige caighdeánaithe é		[Luach]	[Luach]
120			ar cur chuige caighdeánaithe malartach é		[Luach]	[Luach]
130			ar cur chuige na samhla inmheánaí malartaí é ([2])		[Luach]	[Luach]
140			a bhfuil gach cur chuige maidir leis an K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh' á n-úsáid ann ([2])		[Luach]	[Luach]
150			Cur chuige maidir leis an K-fhachtóir 'corrlach imréitigh ar leith'	I 04.00 ró 0110	[Luach]	[Luach]
160			Idir K-fhachtóir 'corrlach imréitigh ar leith' agus K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh'		[Luach]	[Luach]

([1]) Is féidir le roinnt gnólachtaí infheistíochta níos mó ná cur chuige amháin a úsáid, dá bhrí sin féadfaidh suim na n-ítimí 020 go 060 a bheith éagsúil ón líon iomlán gnólachtaí infheistíochta a bhfuil an K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh' á ríomh acu.

([2]) Nuair a úsáideann gnólachtaí infheistíochta níos mó ná cur chuige amháin maidir leis an K-fhachtóir 'riosca an ghlansuímh': cur chuige caighdeánaithe, an cur chuige caighdeánaithe malartach, cur chuige na samhla inmheánaí malartaí.

([3]) Ceanglais cistí dílse mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/2033.

CUID 3

Sonraí maidir le bearta maoirseachta agus pionóis riaracháin [2] **(bliain 20XX)**

	Bearta maoirseachta		Sonraí
010	Bearta maoirseachta a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 (a)	An líon iomlán beart maoirseachta a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034	[Luach]
020		cistí dílse a shealbhú ar mó iad ná na híoscheanglais chaipitil [Airteagal 39(2)(a)]	[Luach]
030		socruithe rialachais agus bainistiú caipitil inmheánaigh agus sócmhainní leachtacha a atreisiú [Airteagal 39(2)(b)]	[Luach]
040		plean a chur i láthair chun comhlíontacht a athbhunú le ceanglais mhaoirseachta [Airteagal 39(2)(c)]	[Luach]
050		beartas soláthair sonrach nó láimhseáil sócmhainní a chur i bhfeidhm [Airteagal 39(2)(d)]	[Luach]
060		gnó nó gníomhaíochtaí a shrianadh nó a theorannú [Airteagal 39(2)(e)]	[Luach]
070		an riosca a bhaineann go dlúth le gníomhaíochtaí, táirgí agus córais a laghdú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinsithe [Airteagal 39(2)(f)]	[Luach]
080		luach saothair inathraithe a theorannú [Airteagal 39(2)(g)]	[Luach]
090		cistí dílse a threisiú trí ghlanbhrabúis a úsáid [Airteagal 39(2)(h)]	[Luach]
100		dáileacháin nó íocaíochtaí úis a shrianadh nó a thoirmeasc [Airteagal 39(2)(i)]	[Luach]
110		ceanglais tuairiscithe bhreise nó níos minice a fhorchur [Airteagal 39(2)(j)]	[Luach]
120		ceanglais leachtachta shonracha a fhorchur [Airteagal 39(2)(k)]	[Luach]
130		ceanglais bhreise maidir le nochtadh a fhorchur [Airteagal 39(2)(l)]	[Luach]
140		na rioscaí a bhaineann le slándáil líonraí agus córais faisnéise gnólachtaí infheistíochta a laghdú [Airteagal 39(2)(m)]	[Luach]
150		Líon agus cineál na mbeart maoirseachta eile a glacadh (nach liostaítear in Airteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034)	[Luach]

[2] Tuairisceofar faisnéis bunaithe ar dháta an chinnidh. Mar gheall ar dhifríochtaí sna rialacháin náisiúnta, agus sna cleachtaí agus sna cineálacha cur chuige maoirseachta idir na húdaráis inniúla, d'fhéadfadh sé nach lamhálfaí leis na figiúirí a chuirtear ar fáil sa tábla seo comparáid fhóinteach a dhéanamh idir dlínsí. Féadfaidh aon chonclúid nach gcuirtear na difríochtaí sin san áireamh ann a bheith míthreorach.

160	Bearta maoirseachta a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 38(b) agus le forálacha eile Threoir (AE) 2019/2034 nó Rialachán (AE) 2019/2033	An líon iomlán beart maoirseachta a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034	[Luach]
170		cistí dílse a shealbhú ar mó iad ná na híoscheanglais chaipitil [Airteagal 39(2)(a)]	[Luach]
180		socruithe rialachais agus bainistiú caipitil inmheánaigh agus sócmhainní leachtacha a atreisiú [Airteagal 39(2)(b)]	[Luach]
190		plean a chur i láthair chun comhlíontacht a athbhunú le ceanglais mhaoirseachta [Airteagal 39(2)(c)]	[Luach]
200		beartas soláthair sonrach nó láimhseáil sócmhainní a chur i bhfeidhm [Airteagal 39(2)(d)]	[Luach]
210		gnó nó gníomhaíochtaí a shrianadh nó a theorannú [Airteagal 39(2)(e)]	[Luach]
220		an riosca a bhaineann go dlúth le gníomhaíochtaí, táirgí agus córais a laghdú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinsithe [Airteagal 39(2)(f)]	[Luach]
230		luach saothair inathraithe a theorannú [Airteagal 39(2)(g)]	[Luach]
240		cistí dílse a threisiú trí ghlanbhrabúis a úsáid [Airteagal 39(2)(h)]	[Luach]
250		dáileacháin nó íocaíochtaí úis a shrianadh nó a thoirmeasc [Airteagal 39(2)(i)]	[Luach]
260		ceanglais tuairiscithe bhreise nó níos minice a fhorchur [Airteagal 39(2)(j)]	[Luach]
270		ceanglais leachtachta shonracha a fhorchur [Airteagal 39(2)(k)]	[Luach]
280		ceanglais bhreise maidir le nochtadh a fhorchur [Airteagal 39(2)(l)]	[Luach]
290		na rioscaí a bhaineann le slándáil líonraí agus córais faisnéise gnólachtaí infheistíochta a laghdú [Airteagal 39(2)(m)]	[Luach]
300		Líon agus cineál na mbeart maoirseachta eile a glacadh (nach liostaítear in Airteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034)	[Luach]

	Pionóis riaracháin [1]		**Sonraí**
010	Pionóis riaracháin (i gcás sáruithe eile ar cheanglais a fhorchuirtear le Treoir (AE) 2019/2034 nó le Rialachán (AE) 2019/2033)	An líon iomlán pionós riaracháin ó Airteagal 18(2) de Threoir (AE) 2019/2034 a cuireadh i bhfeidhm:	[Luach]
020		ráitis phoiblí ina saineofar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach agus cineál an tsáraithe [Airteagal 18(2)(a)]	[Luach]
030		orduithe ina gceanglófar ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach scor den iompraíocht agus gan bheith i mbun na hiompraíochta sin an athuair [Airteagal 18(2)(b)]	[Luach]

040		cosc sealadach ar dhuine nádúrtha feidhmeanna a fheidhmiú i ngnólachtaí infheistíochta [Airteagal 18(2)(c)]	[Luach]
050		pionóis riaracháin airgid a fhorchuirtear ar dhuine dlítheanach nó nádúrtha [pointí (d) go (f) d'Airteagal 18(2)]	[Luach]
060		Líon agus cineál na bpionós riaracháin eile a cuireadh i bhfeidhm (nach sonraítear in Airteagal 18(2) de Threoir (AE) 2019/2034)	[téacs saor]

([1]) Ní nochtfaidh na húdaráis inniúla bearta maoirseachta nó cinntí atá dírithe ar ghnólachtaí infheistíochta sonracha. Agus faisnéis á foilsiú ag na húdaráis inniúla maidir leis na critéir ghinearálta agus na modheolaíochtaí, ní nochtfaidh siad aon bheart maoirseachta atá dírithe ar ghnólacht infheistíochta sonrach, cibé acu a glacadh na bearta i ndáil le haon ghnólacht infheistíochta amháin nó i ndáil le grúpa gnólachtaí infheistíochta.

Na pionóis riaracháin arna bhforchur ag na húdaráis inniúla. Tuairisceoidh na húdaráis inniúla na pionóis riaracháin uile nach bhfuil aon achomharc ina gcoinne ar fáil ina ndlínse faoi dháta tagartha an nochta. I gcás údaráis inniúla na mBallstát ina gceadaítear dóibh pionóis riaracháin a fhoilsiú faoi réir achomhairc, tuairisceoidh siad na pionóis riaracháin sin freisin ach amháin má eisítear an t-achomharc lena neamhnítear an pionós riaracháin.

CUID 4

Sonraí maidir le díolúintí ([3]) (bliain 20XX)

	Díolúine arna deonú do ghnólachtaí infheistíochta	**An líon iomlán díolúintí arna ndeonú**	**Airteagal 9**
010	Díolúine ó chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta, ar bhonn aonair, a leagtar amach in Airteagal 5 maidir le cuid 2, 3, 4, 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2019/2033 (Airteagal 6(1) (tarscaoiltí le haghaidh fochuideachtaí) ([1]))	[Luach]	
020	Díolúine ó chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta, ar bhonn aonair, a leagtar amach in Airteagal 5 maidir le cuid 6 de Rialachán (AE) 2019/2033 (Airteagal 6(2) (tarscaoiltí le haghaidh fochuideachtaí) ([1]))	[Luach]	
030	Díolúine ó chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta, ar bhonn aonair, a leagtar amach in Airteagal 5 maidir le cuid 5 de Rialachán (AE) 2019/2033 (Airteagal 6(3) (tarscaoiltí le haghaidh fochuideachtaí))	[Luach]	
040	Díolúine ó chur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta, ar bhonn comhdhlúite, maidir le cuid 5 de Rialachán (AE) 2019/2033 (Airteagal 7(4) (comhdhlúthú stuamachta))		

([3]) Tuairisceoidh na húdaráis inniúla faisnéis maidir le cleachtais díolúine bunaithe ar an líon iomlán díolúintí ón údarás inniúil, atá fós éifeachtach nó i bhfeidhm. Tá an fhaisnéis atá le tuairisciú teoranta do na heintitis sin a ndeonaítear díolúine dóibh. I gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis sin, i.e. nach cuid den tuairisciú tráthrialta í, déanfar é a thuairisciú mar 'N/A'.

050	An líon iomlán ceadanna arna ndeonú	[Luach]	
060	Méid iomlán na gcistí dílse comhdhlúite atá ar seilbh sna fochuideachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha (i milliúin EUR)	[Luach]	
070	An céatadán d'iomlán na gcistí dílse comhdhlúite atá ar seilbh sna fochuideachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha (%)	[Luach]	
080	An céatadán de na ceanglais cistí dílse comhdhlúite a leithdháiltear ar fhochuideachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha (%)	[Luach]	

([1]) Úsáidfear an líon gnólachtaí infheistíochta a ndeonaíodh an díolúine dóibh mar bhonn chun na díolúintí a chomhaireamh.